2026/1565

14.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1565 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3084 a mhéid a bhaineann le ráitis maidir le dícheall cuí a chur isteach, dearbhuithe simplithe le haghaidh micrea-oibreoirí príomhúla nó oibreoirí príomhúla beaga, socruithe teagmhasacha agus bearta eile lena simplítear úsáid an chórais faisnéise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1115, leagtar síos rialacha chun íoslaghdú a dhéanamh ar an méid a chuireann an tAontas leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí. Leasaíodh le Rialachán (AE) 2025/2650 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) é a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe oibreoirí agus trádálaithe. Tugadh isteach catagóirí nua dar teideal 'oibreoir iartheachtach' agus 'micrea-oibreoir príomhúil nó oibreoir príomhúil beag' go háirithe. Leis na leasuithe, saortar oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe ón oibleagáid ráitis maidir le dícheall cuí a chur isteach sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2023/1115 (an 'Córas Faisnéise') agus tugtar isteach leo an fhéidearthacht micrea-oibreoirí príomhúla agus d'oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe a chur isteach sa chóras faisnéise.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3084 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na rialacha maidir le feidhmiú an Chórais Faisnéise. Ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a bheith i gcomhréir leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1115 a rinneadh trí bhíthin Rialachán (AE) 2025/2650.

(3) Na rialacha maidir le Ráitis maidir le Dícheall Cuí a shannadh sa Chóras Faisnéise do na húdaráis inniúla, ba cheart iad a mhodhnú chun iad a ailíniú leis na rialacha maidir le Dearbhuithe Simplithe a shannadh.

(4) Ba cheart roinnt sainmhínithe a mhodhnú agus a chur isteach chun na hathruithe a tugadh isteach i Rialachán (AE) 2023/1115 a léiriú.

(5) De bhun Airteagal 4a de Rialachán (AE) 2023/1115, tá sé d'oibleagáid ar mhicrea-oibreoirí nó oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe a chur isteach agus féadfaidh siad é a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina dtagann aon athrú mór ar an bhfaisnéis a sholáthair siad. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun go mbeifear in ann dearbhú simplithe a chur isteach agus na nuashonruithe sin a dhéanamh.

(6) Chun solúbthacht oibríochtúil an bhonneagair TF a óstálann an Córas Faisnéise lena n-áirítear a fheidhmiúlachtaí foluiteacha, agus in-oiriúnaitheacht an bhonneagair sin le haghaidh na todhchaí a áirithiú, ba cheart an tagairt do bhonneagar TRACES a scriosadh.

(7) Chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha teicniúla maidir le méid comhaid na ráiteas maidir le dícheall cuí agus na ndearbhuithe simplithe is féidir a chur isteach sa Chóras Faisnéise, agus chun aon chur isteach ar nósanna imeachta custaim a sheachaint, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos chun grúpáil uimhreacha tagartha nó aitheantóirí dearbhúcháin aonair a chumasú sa Chóras Faisnéise trí ráiteas nua maidir le dícheall cuí nó dearbhú simplithe nua a chur isteach.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 206, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2025/2650 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe oibreoirí agus trádálaithe (IO L, 2025/2650, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2650/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3084 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 maidir le feidhmiú an chórais faisnéise de bhun Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas (IO L, 2024/3084, 6.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3084/oj).

(8) Chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann úsáideoirí an Chórais Faisnéise agus a gcuntais a bhainistiú, is gá feidhm shaincheaptha a fhorbairt sa Chóras Faisnéise. An tráth céanna, ba cheart rialacha a leagan síos a chuireann ar a chumas don Choimisiún dul i gcomhar leis na húdaráis inniúla i gcás ina bhfuil gá le saineolas náisiúnta nó i gcás inar gá údarás inniúil faisnéis a fhíorú chun go mbailíochtóidh an Coimisiún iarrataí a bhaineann leis an gCóras Faisnéise.

(9) I gcás ina soláthraítear rochtain ar an gCóras Faisnéise trí sheirbhís ghréasáin, ba cheart na coinníollacha is gá don idirnascadh sin a sholáthar leis an gCóras Faisnéise.

(10) Chun sainaithint uathúil úsáideoirí an Chórais Faisnéise a áirithiú, níor cheart gach úsáideoir a bheith in ann ach clárú amháin a dhéanamh sa chóras agus ba cheart gur gá aitheantóir a sholáthar chun an tsainaithint uathúil sin a chumasú.

(11) Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú trí bhíthin an Chórais Faisnéise gur féidir le húsáideoirí an Chórais Faisnéise a bhfaisnéis chlárúcháin a choimeád cothrom le dáta.

(12) Chun slándáil an Chórais Faisnéise a áirithiú agus infhaighteacht leanúnach an Chórais a ráthú, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann bearta a chur i bhfeidhm i gcás inar gá chun coinníollacha a fhorchur maidir le hidirghníomhuithe aonair leis an gCóras Faisnéise.

(13) De bhun Airteagal 33(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1115, tá an Coimisiún chun socruithe teagmhasacha a bhunú i gcás nach mbeidh feidhmiúlachtaí an Chórais Faisnéise ar fáil. Chun comhlíontacht leanúnach leis na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1115 a áirithiú, ba cheart a chuimsiú leis na socruithe teagmhasacha sin oibleagáidí faisnéise agus soláthar uimhreach tagartha teagmhasaí agus aitheantóra dearbhúcháin teagmhasaigh.

(14) Chun gur féidir na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Chun tréimhse leordhóthanach a thabhairt d'ailíniú teicniúil an Chórais Faisnéise leis na rialacha modhnuithe maidir le Ráitis maidir le Dícheall Cuí a shannadh d'údaráis inniúla, ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha sin a chur siar.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2023/1115,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3084 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha maidir le feidhmiú an Chórais Faisnéise, lena n-áirítear rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, sonraí a mhalartú le córais TF eile agus socruithe teagmhasacha i gcás nach mbeadh fáil ar fheidhmiúlachtaí an Chórais Faisnéise.';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (a):

'(a) an Córas Faisnéise a fhorbairt;',

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Úsáidfidh oibreoirí, agus i gcás inarb infheidhme, a n-ionadaithe údaraithe, an Córas Faisnéise chun Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus Dearbhuithe Simplithe a chur isteach agus a bhainistiú, úsáidfidh na Ballstáit é chun faisnéis a chur ar fáil de bhun Airteagal 4a(4) de Rialachán (AE) 2023/1115, agus úsáidfidh oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe é chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1115. Úsáidfidh údaráis inniúla, údaráis chustaim agus an Coimisiún é freisin chun rochtain a fháil ar Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus ar Dhearbhuithe Simplithe, chun iad a phróiseáil agus chun gníomhú ina leith, lena n-áirítear faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta a mhalartú idir údaráis inniúla, údaráis chustaim agus an Coimisiún i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialachán (AE) 2023/1115. Aon mhalartú faisnéise den sórt sin, beidh sé i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus i Rialachán (AE) 2018/1725.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Sa Chóras Faisnéise, sannfar na Ráitis maidir le Dícheall Cuí d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe lasmuigh den Aontas, sannfar na Ráitis maidir le Dícheall Cuí d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann an t-oibreoir de réir aitheantóir uathúil an oibreora a sholáthraítear sa Chóras Faisnéise.';

(d) cuirtear mír 4 seo a leanas isteach:

'4. Sannfar na Dearbhuithe Simplithe sa Chóras Faisnéise d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an micrea-oibreoir príomhúil nó an t-oibreoir príomhúil beag bunaithe. I gcás ina bhfuil an micrea-oibreoir príomhúil nó an t-oibreoir príomhúil beag bunaithe lasmuigh den Aontas, sannfar an Dearbhú Simplithe d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann an micrea-oibreoir príomhúil nó an t-oibreoir príomhúil beag de réir aitheantóir uathúil an mhicrea-oibreora nó an oibreora phríomhúil bhig a sholáthraítear sa Chóras Faisnéise. Má chuireann Ballstát an fhaisnéis faoin Dearbhú Simplithe ar fáil sa Chóras Faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán (AE) 2023/1115, sannfar an Dearbhú Simplithe d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin.';

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) ciallaíonn "gníomhaí an Chórais Faisnéise" na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim de bhun Rialachán (AE) 2023/1115, agus an Coimisiún, a dhéanann na cúraimí a thugtar dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1115;

(c) Ciallaíonn "úsáideoir Córais Faisnéise" oibreoirí, lena n-áirítear micrea-oibreoirí príomhúla nó oibreoirí príomhúla beaga, agus a n-ionadaithe údaraithe, i gcás inarb infheidhme, oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe, de bhun Rialachán (AE) 2023/1115, agus na Ballstáit atá ag gníomhú de bhun Airteagal 4a(4) den Rialachán sin, agus a shainaithnítear trí bhíthin clárúchán aonair laistigh de EU Login, seirbhís fíordheimhniúcháin úsáideora an Choimisiúin agus trí aitheantóir uathúil a sholáthar;';

(b) cuirtear pointe (da) seo a leanas isteach:

'(da) ciallaíonn "Dearbhú Simplithe" dearbhú simplithe a chuireann úsáideoir an Chórais Faisnéise isteach de bhun Airteagal 4a(2) de Rialachán (AE) 2023/1115;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) ciallaíonn "uimhir thagartha" an uimhir thagartha a shannann an Córas Faisnéise don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí;';

(d) cuirtear pointe (ea) seo a leanas isteach:

'(ea) ciallaíonn "Aitheantóir dearbhúcháin" an t-aitheantóir a shannann an Córas Faisnéise don Dearbhú Simplithe;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

'(f) ciallaíonn "uimhir fíorúcháin" uimhir shlándála a shannann an Córas Faisnéise don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó do Dhearbhú Simplithe chun slándáil bhreise na sonraí atá sa Ráiteas nó sa Dearbhú a áirithiú;

(g) ciallaíonn "próifíliú riosca" sainaithint na rioscaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh táirge ábhartha faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 laistigh den Chóras Faisnéise, ar bonn critéir riosca, chun stádas riosca lena léirítear na rioscaí sin a shannadh do gach Ráiteas maidir le Dícheall Cuí agus do gach Dearbhú Simplithe a chuirtear isteach sa Chóras Faisnéise, lena n-áirítear stádas riosca a shannadh tar éis aon leasú nó nuashonrú a dhéanamh ar na ráitis nó ar na dearbhuithe sin.';

(4) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás táirge ábhartha ina bhfuil adhmad nó a rinneadh le hadhmad, iontrálfaidh úsáideoirí an Chórais Faisnéise ainmneacha eolaíocha iomlána na speiceas adhmaid atá sna táirgí ábhartha nó a ndearnadh iad leo sa Ráiteas maidir le Dícheall Cuí.';

(5) cuirtear Airteagal 4a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4a*

Dearbhuithe Simplithe a chur isteach, a thabhairt cothrom le dáta agus a tharraingt siar

1. Cuirfidh úsáideoir an Chórais Faisnéise an Dearbhú Simplithe isteach sa Chóras Faisnéise seachas i gcás ina gcuirtear faisnéis ar fáil i gcomhréir le mír 2.

2. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis uile a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 ar fáil i gcóras nó i mbunachar sonraí atá ann cheana faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí na mBallstát, cuirfidh an Córas Faisnéis ar a gcumas do na Ballstáit an fhaisnéis sin, agus i gcás inarb ábhartha, aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin, a chur ar fáil sa Chóras Faisnéise in aghaidh an mhicrea-oibreora phríomhúil nó an oibreora phríomhúil bhig dá dtagraítear in Airteagal 4a(4) de Rialachán (AE) 2023/1115. Sannfaidh an Córas Faisnéise aitheantóir dearbhúcháin don fhaisnéis a chuirtear ar fáil in aghaidh an mhicrea-oibreora phríomhúil aonair nó an oibreora phríomhúil bhig aonair. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an t-aitheantóir dearbhúcháin in iúl don mhicrea-oibreoir príomhúil nó don oibreoir príomhúil beag agus úsáidfidh an micrea-oibreoir príomhúil nó an t-oibreoir príomhúil beag sin é chun críocha Rialachán (AE) 2023/1115 agus an Rialacháin seo.

3. Cuirfear nuashonrú ar an Dearbhú Simplithe isteach sa Chóras Faisnéise agus cuirfear ar fáil ann é i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Coinneofar an t-aitheantóir dearbhúcháin a bhaineann leis an Dearbhú Simplithe i gcás nuashonraithe.

4. Coimeádfaidh an Córas Faisnéise taifead ar na Dearbhuithe Simplithe agus ar aon nuashonrú orthu.

5. I gcás ina ndéantar nuashonrú ar Dhearbhú Simplithe, gníomhachtófar próifíliú nua riosca ar an Dearbhú Simplithe iomlán a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 6.

6. Tríd an gCóras Faisnéise, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí an Chórais Faisnéise Dearbhuithe Simplithe a tharraingt siar.

7. Ní tharraingeofar Dearbhuithe Simplithe siar tar éis don úsáideoir Córais Faisnéise chéanna an Dearbhú Simplithe a úsáid mar thagairt i gcomhréir le hAirteagal 8a.';

(6) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ní leasófar ná ní tharraingeofar siar Ráitis maidir le Dícheall Cuí tar éis an Ráiteas maidir le Dícheall Cuí a úsáid mar thagairt i Ráiteas maidir le Dícheall Cuí a chuir an t-úsáideoir céanna Córais Faisnéise isteach le haghaidh grúpáil de bhun Airteagal 8a.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) cuireadh táirge ábhartha a chumhdaítear le Ráiteas maidir le Dícheall Cuí ar mhargadh an Aontais nó onnmhairíodh é de bhun Rialachán (AE) 2023/1115;';

(7) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

‘2. Chun críocha mhír 1, cuirfidh an Córas Faisnéise ar a gcumas d’údaráis inniúla próifílí riosca a bhunú sa Chóras Faisnéise chun tacú le cinneadh eolach i dtaca le hoibreoirí, lena n-áirítear micrea-oibreoirí príomhúla nó oibreoirí príomhúla beaga, oibreoirí iartheachtacha, trádálaithe nó táirgí ábhartha a bhaineann leis na Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus leis na Dearbhuithe Simplithe ar a ndéanfar seiceálacha a roghnú. Bunófar na próifílí riosca sin *inter alia* ar na critéir riosca a leagtar amach sa phlean bliantúil seiceálacha de chuid na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2023/1115.

3. Nuair a chuirfear Ráiteas maidir le Dícheall Cuí agus Dearbhú Simplithe isteach sa Chóras Faisnéise, beidh gach ceann díobh faoi réir próifíliú riosca leictreonach uathoibrithe agus sannfaidh an Córas Faisnéise stádas riosca do gach Ráiteas maidir le Dícheall Cuí agus do gach Dearbhú Simplithe, nach nochtfar d’úsáideoir an Chórais Faisnéise.

4. Ag aon chéim tar éis Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhú Simplithe a chur isteach, lena n-áirítear tar éis grúpála díobh de bhun Airteagal 8a, féadfaidh údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó ar an Dearbhú Simplithe chun a chinneadh an gcomhlíonann táirge ábhartha Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/1115. Sa chás sin, féadfaidh na húdaráis inniúla stádas riosca nua a shannadh don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó don Dearbhú Simplithe, nó don ghrúpáil díobh, mar thoradh ar an athbhreithniú. Má shannann an t-údarás inniúil stádas riosca nua do Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó do Dhearbhú Simplithe, nó do ghrúpa díobh, beidh tosaíocht ag an stádas riosca nua sin ar stádas riosca a shanntar de bhun mhír 3 den Airteagal seo. Coimeádfaidh an córas faisnéise taifead ar aon athrú ar stádas riosca Dearbhaithe Shimplithe nó grúpálacha díobh.’;

(b) cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

‘5. Ní bheidh an stádas riosca a shanntar don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó don Dearbhú Simplithe le feiceáil ach amháin ag gníomhaithe an Chórais Faisnéise.’;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 7 agus 8:

‘*Airteagal 7*

Uimhreacha tagartha, aitheantóirí dearbhúcháin agus uimhreacha fíorúcháin a shannadh agus a chur ar fáil

1. Sannfaidh an Córas Faisnéise uimhir thagartha don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí agus aitheantóir dearbhúcháin don Dearbhú Simplithe a chuireann úsáideoir an Chórais Faisnéise isteach gan moill mhíchuí tar éis an próifíliú riosca dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt i gcrích. An tráth céanna, sannfaidh sé uimhir fíorúcháin a bhaineann leis an Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó an Dearbhú Simplithe.

2. Cuirfear an uimhir thagartha nó an t-aitheantóir dearbhúcháin agus an uimhir fíorúcháin lena mbaineann ar fáil d’úsáideoir an Chórais Faisnéise tar éis an próifíliú riosca dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt i gcrích.

3. Tríd an gCóras Faisnéise, cuirfear ar a gcumas do na húdaráis inniúla moill a chur ar an uimhir thagartha nó an t-aitheantóir dearbhúcháin agus an uimhir fíorúcháin lena mbaineann a chur ar fáil chun a shuí an gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/1115 agus, go háirithe, chun a fhíorú nach bhfuil an cás sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo infheidhme maidir leis an táirge ábhartha sin. Beidh an mhoill sin chomh gearr agus is féidir agus ní rachaidh sí thar an tréimhse a leagtar amach in Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2023/1115. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin faoi rogha an údaráis inniúil a fhad is gá, ar feadh tréimhsí breise mar a leagtar amach in Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2023/1115, chun a seiceálacha a dhéanamh agus chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1115 agus faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Airteagal 8

Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus Dearbhuithe Simplithe a dhiúltú

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhú Simplithe a dhiúltú le linn na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2023/1115 a thosaíonn an uair a shainaithnítear ard-riosca neamhchomhlíonta sa Chóras Faisnéise de bhun Airteagal 6. Ní bheifear in ann Ráiteas maidir le Dícheall Cuí a dhiúltú a thuilleadh tar éis uimhir thagartha Ráitis maidir le Dícheall Cuí a chur ar fáil d'úsáideoir an Chórais Faisnéise.

2. Maidir leis an táirge ábhartha a dearbhaíodh i Ráiteas maidir le Dícheall Cuí a diúltaíodh nó i nDearbhú Simplithe a diúltaíodh, measfar nach gcumhdaítear é le Ráiteas maidir le Dícheall Cuí ná le Dearbhú Simplithe mar a cheanglaítear in Airteagal 3, pointe (c) de Rialachán (AE) 2023/1115 ó thráth a dhiúltaithe ar aghaidh.

3. Léireofar an diúltú sa Chóras Faisnéise trí stádas sonrach a shannadh don Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó don Dearbhú Simplithe lena mbaineann.';

(9) cuirtear Airteagal 8a seo a leanas isteach i gCaibidil II:

'*Airteagal 8a*

Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus Dearbhuithe Simplithe a ghrúpáil laistigh den Chóras Faisnéise

1. Féadfaidh úsáideoirí an Chórais Faisnéise Ráitis aonair maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhuithe Simplithe aonair a ghrúpáil trí Ráiteas nua maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhú Simplithe nua a chur isteach ina ndéantar tagairt do Ráitis aonair maidir le Dícheall Cuí nó do Dhearbhuithe Simplithe aonair a chuir an t-úsáideoir céanna Córais Faisnéise isteach cheana, nó a chuir ionadaí údaraithe isteach cheana le haghaidh an oibreora nó an mhicrea-oibreora phríomhúil nó an oibreora phríomhúil bhig chéanna, más infheidhme, trí bhíthin na n-uimhreacha tagartha nó na n-aitheantóirí dearbhúcháin a cuireadh isteach cheana ("Ráiteas maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhú Simplithe grúpáilte").

2. Sannfaidh an Córas Faisnéise stádas sonrach do na Ráitis aonair maidir le Dícheall Cuí nó do na Dearbhuithe Simplithe aonair a luaithe a dhéanfar tagairt dóibh sa Ráiteas grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó sa Dearbhú Simplithe grúpáilte chun a shainaithint gur grúpáladh iad agus go gcuirtear an Ráiteas grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó an Dearbhú Simplithe grúpáilte ina n-ionad.

3. Déanfaidh an Ráiteas grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó an Dearbhú Simplithe grúpáilte ionadaíocht don Ráiteas aonair maidir le Dícheall Cuí nó don Dearbhú Simplithe aonair chun Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, an Ráiteas grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó an Dearbhú Simplithe grúpáilte, cumhdófar leis táirgí ábhartha a chur ar an margadh nó a onnmhairiú a áirítear sna Ráitis aonair maidir le Dícheall Cuí nó sna Dearbhuithe Simplithe aonair dá dtagraítear sa Ráiteas grúpáilte nó sa Dearbhú grúpáilte. Chun Airteagail 4(7) agus 26(4) de Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh, cuirfidh úsáideoirí an Chórais Faisnéise uimhir thagartha nó aitheantóir dearbhúcháin an Ráitis grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó an Dearbhaithe Shimplithe ghrúpáilte in iúl nó ar fáil seachas na huimhreacha tagartha aonair nó na haitheantóirí dearbhúcháin aonair dár sannadh stádas sonrach i gcomhréir le mír 2.';

(10) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) eolas, oiliúint agus tacaíocht a sholáthar, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, d'úsáideoirí an Chórais Faisnéise agus do ghníomhaithe an Chórais Faisnéise i ndáil le húsáid an Chórais Faisnéise agus, i gcás ina bhfuil gá le saineolas náisiúnta, cúnamh a iarraidh ó na húdaráis inniúla i gcásanna ina bhfuil gá le saineolas náisiúnta;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) rochtain a dheonú d'úsáideoirí an Chórais Faisnéise, atá faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil agus atá ag dul i gcomhar le húdaráis inniúla, i gcás inar gá, chun an fhaisnéis chéannachta a sholáthair úsáideoirí an Chórais Faisnéise agus faisnéis eile a fhíorú ar faisnéis í nach féidir ach na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar a bailíocht;';

(c) cuirtear pointe (ca) seo a leanas isteach:

'(ca) feidhm a fhorbairt sa Chóras Faisnéise lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla úsáideoirí an Chórais Faisnéise a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe (h) agus sonraí a bhaineann le húsáideoirí an Chórais Faisnéise a asbhaint;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (e) agus (f):

'(e) seirbhísí gréasáin a sholáthar d'úsáideoirí an Chórais Faisnéise a dtacaíonn sonraíochtaí teicniúla coiteanna leo chun Ráitis maidir le Dícheall Cuí agus Dearbhuithe Simplithe, lena n-áirítear grúpálacha díobh, a chur isteach sa Chóras Faisnéise ar bhealach uathoibrithe, agus coinníollacha a bhunú chun na seirbhísí gréasáin sin a nascadh agus a úsáid, i gcás inar gá;

(f) seirbhísí gréasáin a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát a dtacaíonn sonraíochtaí teicniúla coiteanna leo chun cúraimí a dhéanamh ar bhealach uathoibrithe i ndáil le Ráitis maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhuithe Simplithe, lena n-áirítear grúpálacha díobh, a cuireadh isteach sa Chóras Faisnéise, agus coinníollacha a bhunú chun na seirbhísí gréasáin sin a nascadh agus a úsáid, i gcás inar gá;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) rochtain úsáideoirí an Chórais Faisnéise a chur ar fionraí agus a tharraingt siar, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh oibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1115 nó sa Rialachán seo arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-úsáideoir Córais Faisnéise bunaithe, nó, i gcás ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe lasmuigh den Aontais, d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann an t-úsáideoir Córais Faisnéise de réir a aitheantóra uathúil a soláthraíodh tráth a chláraithe sa Chóras Faisnéise.';

(11) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní bheidh rochtain ach ag úsáideoirí cláraithe an Chórais Faisnéise ar an gCóras Faisnéise. Cruthóidh úsáideoirí an Chórais Faisnéise aon chuntas amháin sa Chóras Faisnéise. Leis an gCóras Faisnéise, beidh úsáideoirí an Chórais Faisnéise in ann róil éagsúla a chruthú faoin gcuntas céanna.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh rochtain ag úsáideoirí an Chórais Faisnéise ar an bhfaisnéis sa Chóras Faisnéise a chuir siad isteach, nó ar fhaisnéis ar ar thug úsáideoir eile Córais Faisnéise rochtain dóibh trí bhíthin uimhreacha tagartha agus uimhreacha fíorúcháin na Ráiteas maidir le Dícheall Cuí lena mbaineann agus trí bhíthin aitheantóirí dearbhúcháin agus uimhreacha fíorúcháin na nDearbhuithe Simplithe lena mbaineann, lena n-áirítear Ráitis grúpáilte maidir le Dícheall Cuí nó Dearbhuithe Simplithe grúpáilte.';

(c) cuirtear mír 4 seo a leanas leis:

'4. Leis an gCóras Faisnéise, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí an Chórais Faisnéise a bhfaisnéis chlárúcháin a choinneáil cothrom le dáta.';

(12) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí, ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid uile sa Chóras Faisnéise chun iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 27(1) de Rialachán (AE) 2023/1115, chun tuarascálacha a dhéanamh agus chun an Córas Faisnéise a fhorbairt, a fheidhmiú agus a chothabháil.';

(13) in Airteagal 12(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Ní stórálfaidh an Córas Faisnéise na sonraí pearsanta atá sna Ráitis maidir le Dícheall Cuí ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana ón dáta a chuirtear an Ráiteas maidir le Dícheall Cuí isteach sa Chóras Faisnéise, nó, i gcás grúpáil de bhun Airteagal 8a, ó dháta na grúpála; Ní stórálfaidh an Córas Faisnéise na sonraí pearsanta sna Dearbhuithe Simplithe ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana ón dáta a tharraingeofar siar an Dearbhú Simplithe ón gCóras Faisnéise.';

(14) in Airteagal 15, cuirtear mír 4 seo a leanas leis:

‘4. Féadfaidh an Coimisiún na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) bearta chun infhaighteacht leanúnach an Chórais Faisnéise a áirithiú trí choinníollacha a shonrú le haghaidh idirghníomhuithe aonair, lena n-áirítear teorainneacha teicniúla a shonrú le haghaidh méideanna comhad agus chun minicíocht idirghníomhuithe a rialáil;

(b) bearta chun cosc a chur ar shonraí míchearta, iomarcacha nó dúbailte a chur isteach.

Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis inniúla agus na húsáideoirí Córais Faisnéise ar an eolas gan mhoill faoi bhearta a dhéantar de bhun na míre seo.’;

(15) cuirtear Airteagal 15a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 15a*

Socruithe teagmhasacha

1. Faoin 30 Nollaig 2026, soláthróidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar shuíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air:

(a) faisnéis faoi infhaighteacht agus faoi fheidhmiú an Chórais Faisnéise;

(b) faisnéis faoi bhearta teagmhasacha atá le déanamh i gcás neamh-infhaighteacht neamhbheartaithe fheidhmiúlachtaí an Chórais Faisnéise ar feadh tréimhse níos faide ná 60 nóiméad.

2. Áireofar sna bearta teagmhasacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) fógra a thabhairt do ghníomhaithe an Chórais Faisnéise i gcás neamh-infhaighteacht an Chórais Faisnéise trí bhíthin modh digiteach;

(b) soláthar uimhreach tagartha teagmhasaí agus aitheantóra dearbhaithe teagmhasaigh chun táirgí a chumhdach nach féidir Ráiteas maidir le Dícheall Cuí ná Dearbhú Simplithe a chur isteach ina leith de bhun Rialachán (AE) 2023/1115 ná nach féidir uimhreacha tagartha ná aitheantóirí dearbhúcháin a shannadh ina leith mar thoradh ar neamh-infhaighteacht an Chórais Faisnéise.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (2)(c) ón 15 Deireadh Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN